**Caingean arna tabhairt an 30 Bealtaine 2025 – Apple agus Apple Distribution International v an Coimisiún**

**(Cás T-359/25)**

(C/2025/5213)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Apple Inc. (Cupertino, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus Apple Distribution International Ltd (Corcaigh, Éire) (ionadaithe: D. Beard, S. Love agus J. Bourke, Abhcóidí, S. Orton agus R. Arnold, Aturnaetha, agus W. Knibbeler agus L. Knoke, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Maíonn na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú nach bhfuil Airteagal 6(7) de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha nó DMA) ([1]) infheidhme de bhun Airteagal 277 CFAE;

— Airteagal 1 den Chinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 19 Márta 2025 agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis (an cinneadh atá faoi chonspóid), tagairt DMA.100204 ([2]), agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin, arna ghlacadh de bhun Airteagal 8(2) de DMA, a chur ar neamhní go hiomlán nó go páirteach; agus

— a ordú don Choimisiún Eorpach costais na n-iarratasóirí a íoc de bhun Airteagal 134 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, lena n-áirítear na costais a bhaineann le haon idiragraí.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 6(7) DMA ar neamhréir le ceanglais Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le prionsabal na comhréireachta, agus go bhfuil Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid neamhdhleathach a mhéid a fhorchuirtear agus a shonraítear leis oibleagáidí faoi Airteagal 6(7) DMA ar Apple i ndáil le iOS agus iPadOS.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Eorpach na teorainneacha ar a inniúlacht a fhorchuirtear le hAirteagal 291 CFAE agus le hAirteagal 8(2) de DMA tríd an gcinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún Eorpach míléiriú ar Airteagal 6(7) DMA agus gur chuir sé é i bhfeidhm go mícheart sa chinneadh atá faoi chonspóid.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún Eorpach earráid dlí agus earráid fhíorasach trí cheanglais idir-inoibritheachta éifeachtacha a sheasfaidh an aimsir a fhorchur agus/nó a shonrú do phróiseas bunaithe ar iarrataí Apple sa chinneadh atá faoi chonspóid.

([1]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO 2022 L 265, lch. 1)

([2]) IO 2025, C 5000

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún Eorpach earráid dlí agus earráid fhíorasach trí cheanglais amlínte a fhorchur agus/nó a shonrú do phróiseas bunaithe ar iarrataí Apple sa chinneadh atá faoi chonspóid.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún Eorpach earráid dlí agus earráid fhíorasach trí cheanglais an chláir tagartha theicniúil a fhorchur agus/nó a shonrú do phróiseas bunaithe ar iarrataí Apple sa chinneadh atá faoi chonspóid.